

- Othair neamh-ímhíonacha a cheaptar a bheith ímhíonlagaithe san am ata le teacht, daoine ar nós faighteoirí trasphlandaithe nó iad siúd a fhaigheann oibreáin ímhíonmhodhnúchána.
- Nuair a saolaítear iad, is ceart an vacsaín do heipitíteas B a thabhairt do leanaí a raibh teagmháil acu le VEID (HIV) nó a bhíonn ionfhabhtaithe le VEID agus leanúint ar aghaidh ansin leis an ngnáthsceideal vacsaínithe do leanaí.

f) Daoine a mbaineann rioscaí eile leo

- Daoine a athraíonn páirtithe gnéis go minic; fir a mbíonn gnéas acu le fir eile; oibríthe gnéis tráchtála, idir fhir agus mhná; daoine a ghlacann páirt i ngnéas tóna; daoine a fhreastalaíonn ar chlinicí le haghaidh galair ghnéas-tarchurtha (GGTanna); agus daoine a diagnósítear le GGT.
- Daoine a choinnítear in institiúidí coinneála
- Ealaíontóirí/cleachtóirí tatuála agus corp-phollta.
- Inimircigh ó áiteanna ardleitheadúlachta nó meán leitheadúlachta maidir leis an víreas heipitíteas B (HBV).
- Daoine gan dídean
- Leanaí a saolaítear do thuismitheoirí ó thíortha ard-éindéimeachta nó meán éindéimeachta.
- Taistealaithe go háiteanna ina bhfuil ardleitheadúlacht nó meán leitheadúlacht den víreas heipitíteas B (HBV).

An Vacsaín

Is vacsaín sábháilte éifeachtach í an vacsaín heipitíteas B agus is bealach iontach í chun tú féin a chosaint.

- De ghnáth, tugtar an vacsaín mar chuid de chúrsa ina bhfuil instealladh - tugtar an chéad cheann le linn do chéad chuairte clinic, an dara ceann mí amháin níos déanaí agus an ceann deireanach sé mhí níos déanaí.
- Uaireanta, i ndiaidh na dtrí instealladh, déantar tástáil fola chun a fháil amach an bhfuil an duine cosanta ón víreas ansin.
- Beidh gá le dáileog(a) breise den vacsaín i gcás roinnt daoine. I líon fórbheag cásanna, ní oibreoidh an vacsaín agus ní bhíonn na daoine sin cosanta.
- Féadfaidh lámh thinn agus deirge in áit an insteallta a bheith i measc na bhfo-iarsmaí.
- Má tá tú torrach nó ag pleanáil toirchis, labhair le do dhochtúir sula bhfaigheann tú an vacsaín.
- Ní féidir leat heipitíteas B a tholgadh ón vacsaín. Faigh an Vacsaín

Achoimre:

- Is galar tromchúiseach é heipitíteas B ach is féidir é a chosc.
- Scaiptear é trí theagmháil le fuil nó le sreabháin choirp duine ionfhabhtaithe.
- Is féidir tú féin a chosaint ó heipitíteas B trí vacsaíniú agus trí dhea-shláinteachas,



Cén chaoi ar féidir liom a thuilleadh eolais a fháil?

Is féidir eolas úsáideach a fháil faoi heipitíteas B ó na foinsí seo a leanas:

- Do dhochtúir teaghlaigh
- Do rannóg sláinte cheirde
- An rannóg áitiúil sláinte poiblí de chuid an FSS

Is féidir eolas agus bileoga eile faoi heipitíteas B a fháil ar na suímh Ghréasáin seo a leanas:

- www.hpsc.ie
- www.cdc.gov/hepatitis/hbv
- www.who.int
- www.immunisation.ie
- www.emitoolkit.ie



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Dáta: April 2017

Údair: An Grúpa Oibre Heipitítis de chuid an Fhoghrúpa Míochaine Sláinte Poiblí um Ghálair Theagmhálacha Rannóga na Sláinte Poiblí agus an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Vacsaín do Heipitíteas B

Eolas atá riachtanach duit



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Cad is heipitéas B ann?

Is víreas é heipitéas B a mbíonn drochféacht aige ar an ae agus a d'fhéadfadh tú a dhéanamh breoite go tromchúiseach.

Ní fhaigheann roinnt daoine a mbíonn heipitéas B orthu réidh leis an víreas riamh, agus d'fhéadfaidís a bheith ionfhabhtaithe ar feadh a saoil ar fad. Is heipitéas B ainsealach é sin agus tugtar 'iompróirí' ar na daoine siúd a mbíonn sé orthu.

Tarlaíonn sé i gcás roinnt iompróirí go dtagann galar trom ae orthu níos faide anonn sa saol. Ní bhíonn airíonna ar bith ar iompróirí eile agus d'fhéadfaidís sé nach eol dóibh ar chor ar bith go bhfuil siad ionfhabhtaithe; sa tslí sin, d'fhéadfaidís an víreas a scaipeadh chuig daoine eile i ngan fhios dóibh féin.

Cad is heipitéas B ainsealach ann?

Ní fhaigheann roinnt daoine réidh leis an víreas riamh. Féadann tú a bheith ionfhabhtaithe i rith do shaol ar fad agus heipitéas B a scaipeadh chuig daoine eile. Tugtar ionfhabhtú heipitéas B ainsealach air sin agus féadann daoine a bhfuil sé orthu daoine eile a ionfhabhtú.

D'fhéadfaidís sé go n-aireofa sláintiúil ar feadh do shaoil ar fad, gan rian ar bith damáiste ae a léiriú. Tagann galar trom ae ar roinnt daoine, e.g. coilim ae (an chiorróis), cliseadh ae nó ailse. Má tá heipitéas B ort, féadann tú fós cineálacha eile heipitítis a fháil, ar nós heipitéas A nó C.

Cén chaoi a scaiptear é?

Scaiptear heipitéas B trí theagmháil le fuil nó le sreabháin choirp duine ionfhabhtaithe. Is féidir heipitéas B a tholghadh sna slite seo a leanas:

- Gnéas a bheith agat le hionpróir heipitéas B.
- Snáthaidí nó fearas eile a chomhroinnt agus drugaí a n-instealladh agat
- Snáthaidí neamhsteirilítithe a úsáid agus corp-pholladh, tatuáil, snáthaidpholladh nó leictrealú ar siúl, nó má insteallaítear tú le snáthaid úsáidte.
- Rásúir, scuabanna fiacla, tuáillí aghaidhe, tuáillí, bearrthóirí ingne nó aon rud a bhféadfaidís fuil nó sreabháin choirp eile a bheith orthu a chomhroinnt.
- Teagmháil a bheith agat le cneácha nó gearrthacha duine ionfhabhtaithe atá ag cur fola.
- Más oibrí cúram sláinte tú, nó duine eile a bhíonn i dteagmháil le fuil nó sreabháin choirp ionfhabhtaithe
- Más páiste iompróir heipitéas B tú.

I roinnt cásanna, ní aithnítear go deo foinse an ionfhabhtaithe.

Ní féidir heipitéas B a fháil sna slite seo a leanas:

- Sraoth nó casacht
- Póga nó barróga a thabhairt nó a fháil
- Cothú cíche
- Bia nó uisce
- Miasa nó gloiní a chomhroinnt
- Gnáth-theagmháil idir dhaoine (e.g. san áit oibre)

An bhfuilim i mbaol?

Tá seans níos mó ag na grúpaí seo a leanas ionfhabhtú heipitéas B (HBV) a fháil agus ba chóir dóibh an vacsaín do heipitéas B a fháil mura bhfuil siad imdhíonach cheana féin:

a) Daoine a bhíonn i mbaol teagmhála le fuil nó le timpeallachtaí atá éillithe le fuil agus iad i mbun a gcuid oibre

- Dochtúirí; altraí; fiacloirí; cnáimhsigh; foireann saotharlanna; teicneoirí marbhlananna; pearsanra otharchairr; foireann ghlantóireachta; póirtéirí; mic léinn míochaine, altranais agus fiacloireachta; agus gairmithe eile cúram sláinte.
- Foireann agus cúramóirí a oibríonn in ionaid le haghaidh daoine a bhfuil míchumas foghlama orthu (áiseanna cúram lae, scoileanna speisialta agus ionaid eile).
- Baill foirne i bpríosúin a mbíonn teagmháil acu le príosúnaigh ar bhonn rialta
- Pearsanra na seirbhísí slándála agus éigeandála
 - Baill na seirbhísí slándála agus tarrthála
 - Baill an Gharda Síochána
 - Bail na seirbhíse dóiteáin
 - Baill na bhfórsaí armtha
 - Fostaithe de chuideachtaí slándála
- Oibríthe ar bith eile a bhféadfaidís teagmháil a bheith acu le gortuithe fola.

b) Daoine muintire agus teagmhálaithe teaghlaigh

- Leanaí a soalaítear do mháthaireacha a bhfuil an víreas géarheipitéas B nó heipitéas B ainsealach orthu (féach freisin an mhír thíos dar teideal 'Próifíolacsas i ndiaidh teagmhála')
- Céilí, páirtithe gnéis, daoine muintire agus teagmhálaithe teaghlaigh de chuid géarchásanna agus daoine a bhfuil ionfhabhtú ainsealach orthu. Áit ar cheart tástáil fola a dhéanamh le haghaidh marcóirí ar ionfhabhtú reatha nó ionfhabhtú san am a caitheadh, ba chóir an tástáil sin a dhéanamh agus an chéad dáiteog den vacsaín á tabhairt. Níor cheart moill a chur ar vaicsíniú ag feitheamh le torthaí na dtástálacha. Féadann sé nach mbeidh gá le dáileoga breise i

gcás daoine a mbaineann fianaise soiléir de theagmháil san am a caitheadh leo.

c) Uchtú/altramú

- Moltar vacsaíniú i gcás teaghlach atá chun leanaí a uchtú ó thíortha ina bhfuil ardleitheadúlacht nó meán leitheadúlacht den víreas heipitéas B (HBV). Ba chóir na leanaí sin a thástáil le haghaidh fianaise ar ionfhabhtú reatha de heipitéas B nó ionfhabhtú den víreas san am a caitheadh.
- Ba chóir vacsaín do heipitéas B a chur ar fáil do chúramóirí gearrthéarmacha altrama uile a fhaigheann leanaí ar shocrúcháin éigeandála. Ba chóir vacsaín do heipitéas B a chur ar fáil freisin do chúramóirí buan altrama a ghlacann le leanaí a mbaineann ardriosca HBV leo, chomh maith lena dteaghlaigh.

Nóta: D'fhéadfaidís sé go mbeadh gá le vacsaín do heipitéas A freisin.

d) Daoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh, chomh maith lena dteagmhálaithe

- Daoine uile a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh.
- Teagmhálaithe teaghlaigh, leanaí agus páirtithe gnéis de chuid daoine a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh.
- Daoine atá i mbaol dul ar aghaidh chuig mí-úsáid as drugaí trí instealladh (iad siúd atá ag caitheamh hearóine agus/nó cnagchócaoin faoi láthair agus úsáideoirí atá spleách go láidir ar amfataimíní san áireamh).

e) Daoine atá go mór i mbaol de bharr riochtanna sláinte

- Iad siúd a fhaigheann aistrithe fola agus táirgí fola ar bhonn rialta, agus na cúramóirí a bhíonn freagrach as na táirgí sin a thabhairt dóibh.
- Iad siúd a bhfuil míchumas foghlama orthu agus a fhreastalaíonn ar áiseanna cúram lae, scoileanna speisialta agus aonaid eile.
- Othair a bhfuil cliseadh ainsealach duánach orthu. I gcás othar a bhfuil cliseadh ainsealach duánach orthu, moltar vacsaín do heipitéas B a forbraíodh lena n-úsáid a thabhairt dóibh (Fendrix or HBVAXPRO40). D'fhéadfaidís freagairt laghdaithe imdhíonachta a bheith i gceist leis an vacsaín heipitéas B i gcomparáid le daoine atá sláintiúil ó thaobh imdhíonachta de, agus seans go bhfeicfead maolú níos tapúla maidir le antasubstaint heipitéas B.
- Othair a bhfuil galar ainsealach ae orthu, iad siúd a bhfuil ionfhabhtú leantach heipitéas C orthu san áireamh.